Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8141/25**

**MI 224**
**ETS 10**
**COMPET 271**
**VETER 44**
**DELACT 42**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2128 final |
| Ábhar: | TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.4.2025 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2128 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 2128 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.4.2025
C(2025) 2128 final

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.4.2025**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1] ('an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla'), comhdhlúthaíodh íoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna maidir le roinnt gairmeacha a leagadh amach roimhe sin i roinnt treoracha ar leith. Leagadh amach íoscheanglais oiliúna maidir le gairm an tréidlia ar dtús i dTreoir 78/1027/CEE ón gComhairle[2].

I bPáipéar Uaine 2011 ón gCoimisiún Eorpach i ndáil leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a nuachóiriú[3], d'aithin sé gur gá na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna a nuachóiriú i gcéimeanna. I gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla trí bhíthin Threoir 2013/55/AE[4], thug údaráis náisiúnta, institiúidí oiliúna agus eagraíochtaí gairmiúla le fios gur tháinig forbairt nach beag ar na gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III de Chaibidil III den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, lena n-áirítear tréidlianna, ó rinneadh na híoscheanglais oiliúna ina leith a chomhchuibhiú.

Cé go ndearnadh athruithe áirithe ar na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna le Treoir 2013/55/AE, ní dhearnadh aon athbhreithniú cuimsitheach i ndáil leis na híoscheanglais le haghaidh ghairm an tréidlia, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

– cláir oiliúna a liostaítear i bpointe 5.4.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla;

– liosta an eolais íosta agus na scileanna íosta atá le fáil le linn oiliúna (Airteagal 38(3) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla).

Ina ionad sin, tugadh cumhachtaí tarmligthe don Choimisiún le Treoir 2013/55/AE na híoscheanglais oiliúna a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne:

– Le hAirteagal 21(6) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na forálacha sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla i ndáil le heolas agus scileanna dá dtagraítear in Airteagal 38(3) a thabhairt cothrom le dáta;

– le hAirteagal 38(1) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, cumhachtaítear an Coimisiún chun na cláir oiliúna a áirítear i bpointí 5.4.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta.

Tá an gníomh tarmligthe seo bunaithe ar an dá chumhachtú thuasluaite.

Rinne an Coimisiún measúnú maidir le cé acu is gá nó nach gá na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla le haghaidh ghairm an tréidlia a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i

---

1 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 i ndáil le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

2 Treoir 78/1027/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1978 maidir le comhordú forálacha arna leagan síos le Dlí, Rialachán nó Gníomhaíocht Riaracháin i leith gníomhaíochtaí tréidlianna (IO L 362, 23.12.1978, lch. 7).

3 Páipéar Uaine, An Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Nuachóiriú, COM(2011)367 final.

4 Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132).

gcoitinne. Coimisiúnaíodh staidéar chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún ina mheasúnú. Bhí sé d'aidhm ag an staidéar iniúchadh a dhéanamh ar na forbairtí ar riachtanais oiliúna do ghairm an tréidlia i ngach Ballstát agus i ngach ceann de Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (Stáit CSTE)[5]. Chun na críche sin, bailíodh sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta trí thaighde deisce agus comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara. Sa bhailiú sonraí díríodh ar na forbairtí seo a leanas ar cheanglais oiliúna ar an leibhéal náisiúnta:

– dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a dhéanann difear do ghairm an tréidlia;

– cláir oiliúna, chomh maith le heolas agus scileanna, a théann níos faide ná na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla agus a léiríonn aon oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Rinneadh measúnú comparáideach ar na sonraí a bailíodh freisin. Díríodh ann ar fhorbairtí ar cheanglais oiliúna agus ar ghnéithe comhchoiteanna idir na ceanglais oiliúna ar fud Bhallstáit uile an Aontais agus Stáit CSTE i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne. Chun na críche sin, cruthaíodh sainmhíniú oibre ar 'a nglactar leis i gcoitinne' maidir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ina raibh dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a breathnaíodh i 16 thír ar a laghad, idir Bhallstáit agus Stáit CSTE. Cuireadh torthaí an staidéir faoi bhráid páirtithe leasmhara ábhartha le linn ceardlainne agus ag cruinniú den ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint[6]. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas ó na páirtithe leasmhara, dréachtaíodh conclúidí an staidéir, inar moladh na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos sa Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le cláir oiliúna agus le heolas agus scileanna.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le prionsabail an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016[7], chuaigh an Coimisiún i gcomhairle i scríbhinn leis na saineolaithe ón ngrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint maidir leis an dréacht-treoir tharmligthe idir an 9 Aibreán 2024 agus an 7 Bealtaine 2024 agus ar chruinniú ar líne de chuid an ghrúpa comhordaitheoirí an 20 Meitheamh 2024.

Tar éis an chomhairliúcháin leis an ngrúpa comhordaitheoirí, rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an dréacht-treoir tharmligthe seo:

– In Iarscríbhinn V (5.4.1) (B) (a), cuirtear na focail 'Cógaisíocht, cógaseolaíocht agus cógasteiripe (lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha)' in ionad na bhfocal 'Cógaseolaíocht agus cógasteiripe (lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha)'.

– In Iarscríbhinn V (5.4.1) (B) (b), cuireadh 'tréidliacht' leis an dara céim den ábhar 'Reachtaíocht tréidliachta agus leigheas fóiréinseach'.

[5] An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Mapping and assessment of developments for sector profession under Directive 2005/36/EC — The profession of veterinary surgeon* [Mapáil agus measúnú ar fhorbairtí maidir le gairmeacha earnála faoi Threoir 2005/36/CE – Gairm an tréidlia], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2873/977309.

[6] Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena mbunaítear an grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 79, 20.3.2007, lch. 38).

[7] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

I bhfianaise na mbarúlacha agus na gceisteanna a díríodh ar an gCoimisiún le linn an chomhairliúcháin sin, meabhraíonn sé, i gcomhréir le cineál an ghnímh, agus na híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE á dtrasuí sa dlí náisiúnta, gur féidir leis na Ballstáit foirm agus modh an trasuite a roghnú fad a bhainfear amach na cuspóirí agus is léir ón gcreat dlíthiúil náisiúnta go bhfuil oibleagáid ar institiúidí oiliúna gach íoscheanglas oiliúna a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire, maidir le tréidlianna ar náisiúnaigh de Bhallstát iad agus a fuair cáilíocht ghairmiúil a liostaítear i bpointe 5.4.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE tar éis cúrsa oiliúna ar cuireadh tús leis roimh dheireadh na tréimhse trasuímh a leagtar amach sa treoir tharmligthe seo, agus a chomhlíon na híoscheanglais oiliúna faoin Treoir is infheidhme nuair a cuireadh tús leis an oiliúint, go bhfaigheann siad aitheantas uathoibríoch ar a gcáilíocht ghairmiúil de bhun Airteagal 21(1) de Threoir 2005/36/CE.

Bhí an dréacht-treoir tharmligthe faoi réir aiseolas poiblí ar an ardán de chuid an Choimisiúin 'Cloisimis Uait' idir an 23 Meán Fómhair 2024 agus an 21 Deireadh Fómhair 2024. Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí, rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an dréacht-treoir tharmligthe seo:

– In Airteagal 38, cuireadh mír 3 'bithshlándáil' le pointe (d).

– In Airteagal 38, cuireadh mír 3 'bainistiú sonraí' le pointe (i).

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil maidir leis an gcumhachtú chun an Gníomh Tarmligthe seo a ghlacadh in Airteagal 21(6) agus Airteagal 38(1) den Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla.

Le hAirteagal 1(1) den Ghníomh Tarmligthe seo, baintear úsáid as an tarmligean atá in Airteagal 21(6) den Treoir agus leagtar síos na leasuithe ar an Treoir maidir leis an eolas agus na scileanna is gá do ghairm an tréidlia.

Le hAirteagal 1(2) baintear úsáid as an tarmligean atá in Airteagal 38(1) den Treoir agus tagraítear don Iarscríbhinn a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe seo ina leagtar amach leasuithe ar an gclár oiliúna íosta don ghairm sin.

Leagtar síos in Airteagal 2 an tréimhse chun an Gníomh Tarmligthe a thrasuí agus na ceanglais ar na Ballstáit na bearta a ghlacfaidh siad a chur in iúl don Choimisiún.

Le hAirteagal 3 sonraítear dáta theacht i bhfeidhm an Ghnímh Tharmligthe seo.

Sonraítear le hAirteagal 4 cé chuige a ndírítear an Gníomh Tarmligthe seo.

**TREOIR THARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.4.2025**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Aithint[1], agus go háirithe Airteagal 21(6), an dara fomhír, agus Airteagal 38(1), an dara fomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia, leagtar amach iad in Airteagal 38 de Threoir 2005/36/CE agus i bpointe 5.4.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin chomh maith.

(2) I bPáipéar Uaine 2011 ón gCoimisiún maidir le nuachóiriú Threoir 2005/36/CE[2] d'aithin sé gur gá na híoscheanglais chomhchuibhithe oiliúna a nuachóiriú i gcéimeanna.

(3) I gcomhthéacs an leasaithe ar Threoir 2005/36/CE trí bhíthin Threoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], thug na húdaráis náisiúnta, institiúidí acadúla agus eagraíochtaí gairmiúla le fios go bhfuil forbairt mhór tagtha ar na gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III den Treoir ó rinneadh a n-íoscheanglais oiliúna ar leith a chomhchuibhiú.

(4) Cé go ndearnadh athbhreithniú le Treoir 2013/55/AE go pointe áirithe ar an eolas agus ar na scileanna le haghaidh ghairm an tréidlia mar a leagtar amach in Airteagal 38(3) de Threoir 2005/36/CE, ní dhearnadh aon athrú substaintiúil ar ábhair na gclár staidéir a liostaítear i bpointe 5.4.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE.

(5) Le hAirteagal 21(6) de Threoir 2005/36/CE, arna leasú, tugtar cumhachtaí tarmligthe don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 57c di, chun nuashonruithe a thabhairt isteach ar na híoscheanglais oiliúna d'fhonn iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne chun teacht chun cinn dhlí an Aontais lena ndéantar difear díreach do na gairmithe lena mbaineann a léiriú.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart na híoscheanglais oiliúna le haghaidh ghairm an tréidlia, mar a leagtar amach i

---

[1] IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj.

[2] Páipéar Uaine, An Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla a Nuachóiriú, COM(2011)367 final an 22 Meitheamh 2011.

[3] Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/55/oj).

dTreoir 2005/36/CE, a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne.

(7) Rinneadh staidéar chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún ina mheasúnú. Bhí sé d'aidhm ag an staidéar iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairtí ar riachtanais oiliúna do ghairm an tréidlia i ngach Ballstát agus i ngach ceann de Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (Stáit CSTE). Chun na críche sin, bailíodh sonraí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta trí thaighde deisce agus comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara. Sa bhailiú sonraí díríodh ar fhorbairtí ar cheanglais oiliúna ar an leibhéal náisiúnta: (i) dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a dhéanann difear do ghairm an tréidlia; (ii) cláir oiliúna agus eolas agus scileanna a théann níos faide ná na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos i dTreoir 2005/36/CE agus a léiríonn aon oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

(8) Rinneadh measúnú comparáideach ar na sonraí a bailíodh le linn an staidéir. Díríodh ann ar fhorbairtí archeanglais oiliúna agus ar ghnéithe comhchoiteanna idir na ceanglais oiliúna ar fud Bhallstáit uile an Aontais agus Stáit CSTE i bhfianaise dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a nglactar leis i gcoitinne. Chun na críche sin, forbraíodh sainmhíniú oibre ar 'a nglactar leis i gcoitinne' maidir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, ina raibh dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a tugadh faoi deara i 16 thír ar a laghad, idir Bhallstáit agus Stáit CSTE.

(9) Cuireadh torthaí an staidéir faoi bhráid na bpáirtithe leasmhara le linn ceardlainne agus ag cruinniú an ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint. Ar bhonn an aiseolais a fuarthas, dréachtaíodh conclúidí an staidéir, inar moladh na híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE a thabhairt cothrom le dáta a mhéid a bhaineann le cláir oiliúna chomh maith le heolas agus scileanna.

(10) Sa staidéar[4] sainaithníodh an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil seo a leanas, a nglactar leis i gcoitinne, i gcláir oiliúna sna Ballstáit agus i Stáit CSTE, ar dul chun cinn é nach léirítear sna híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE nó nach léirítear go leordhóthanach iontu: coincheap na hAon Sláinte Amháin; inbhuanaitheacht agus trasdisciplíneacht; idirdhisciplíneacht, scileanna ildisciplíneacha agus scileanna boga; cóireálacha agus teiripí; sláinte agus leas ainmhithe; sláinte phoiblí: bia agus sábháilteacht bia; bitheolaíocht, digitiú agus sonraí digiteacha, chomh maith le huirlisí agus teicnící diagnóiseacha agus saotharlainne.

(11) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[5], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir na gnéithe de threoir agus codanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú dá réir sin.

---

4 An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide, *Mapping and assessment of developments of one of the sectoral professions under Directive 2005/36/EC – the professional of veterinary surgeoun– Final study* [Mapáil agus measúnú ar fhorbairtí ceann de na gairmeacha earnála faoi Threoir 2005/36/CE – Gairm an tréidlia – Staidéar críochnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

5 IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe ar Threoir 2005/36/CE*

Leasaítear Treoir 2005/36/CE mar a leanas:

(1) In Airteagal 38, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Tabharfar deimhniú leis an oiliúint mar thréidlia go bhfuair an gairmí atá i gceist an t-eolas agus na scileanna seo a leanas:

(a) eolas ar na heolaíochtaí ar a bhfuil gníomhaíochtaí tréidlia bunaithe agus ar dhlí an Aontais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin;

(b) eolas leordhóthanach ar struchtúr, feidhmeanna, iompar agus riachtanais fiseolaíocha ainmhithe, mar aon leis na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn dá riar, dá mbeathú, dá leas, dá n-atáirgeadh agus dá sláinteachas tríd is tríd;

(c) na scileanna agus na hinniúlachtaí cliniciúla, eipidéimeolaíocha agus anailíseacha a theastaíonn chun galair ainmhithe a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil, chomh maith le pian a mheasúnú agus a bhainistiú, máinliacht aiseipteach, agus támhú, ainéistéise agus eotanáis a dhéanamh go sábháilte, cibé acu a bhreithnítear é sin go haonair nó i ngrúpaí, lena n-áirítear eolas sonrach ar na galair a fhéadfar a tharchur chuig daoine;

(d) eolas, scileanna agus inniúlachtaí leordhóthanacha le haghaidh míochaine choisctheach, lena n-áirítear inniúlachtaí a bhaineann le bithshlándáil, fiosruithe agus deimhniú;

(e) eolas leordhóthanach ar an sláinteachas agus ar an teicneolaíocht a bhaineann le bia ainmhithe nó bia de bhunadh ainmhíoch a tháirgeadh, a mhonarú agus a chur i gcúrsaíocht, bia a ceapadh lena chaitheamh ag an duine, lena n-áirítear na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn chun dea-chleachtais chuige sin a thuiscint agus a mhíniú;

(f) an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn chun úsáid fhreagrach agus chiallmhar a bhaint as táirgí íocshláinte tréidliachta chun cóireáil a chur ar na hainmhithe agus chun sábháilteacht an bhiashlabhra agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú;

(g) eolas agus tuiscint leordhóthanach ar choincheap na hAon Sláinte Amháin, lena n-áirítear scileanna agus inniúlachtaí chun é a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú sa tsláinte phoiblí tréidliachta;

(h) eolas ar eagrú agus ar bhainistiú gnó tréidliachta, lena n-áirítear bainistiú cleachtais agus eacnamaíocht sláinte ainmhithe; eolas, scileanna agus inniúlachtaí leordhóthanacha maidir le hidirghníomhaíocht idirphearsanta agus idirghairmiúil, cumarsáid, obair bhuíne agus comhar ildisciplíneach;

(i) eolas leordhóthanach ar bhainistiú sonraí, ar theicneolaíocht na faisnéise agus ar theicneolaíochtaí digiteacha, agus na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun iad a chur i bhfeidhm go praiticiúil i réimse na tréidliachta.’

(2) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*
*Trasuí*

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 2 bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*
*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.4.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*